2025/308

17.2.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/308 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Feabhra 2025

lena mbunaítear formáid aonfhoirmeach le haghaidh na tuarascála ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([1]), agus go háirithe Airteagal 33(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Limistéar a bhunú ina bhfuil saorghluaiseacht gan teorainneacha inmheánacha ag daoine, tá sé ar cheann de na príomhéachtaí atá bainte amach ag an Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith ina eisceacht i gcónaí rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus níor cheart é a dhéanamh ach mar rogha deiridh.

(2) Le Rialachán (AE) 2016/399, cuirtear d'oibleagáid ar Bhallstáit a bhfuil rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha déanta acu tuarascáil ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus, i gcás inarb infheidhme, a fhadú, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin laistigh de 4 seachtaine tar éis dóibh deireadh a chur le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha.

(3) Tá an Coimisiún le gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun formáid aonfhoirmeach a bhunú le haghaidh na tuarascála ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, nó i gcás inarb infheidhme, a fhadú.

(4) Ba cheart a chuimsiú san fhormáid aonfhoirmeach na heilimintí uile a cheanglaítear ar na Ballstáit a sholáthar faoi Rialachán (AE) 2016/399.

(5) Féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint maidir leis an measúnú *ex-post* ar rialú teorann a athbhunú ag teorann inmheánach amháin nó níos mó ná sin nó ag codanna díobh.

(6) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa ([2]) lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ó tharla go gcuirtear le *acquis* Schengen le Rialachán (AE) 2024/1717, thug an Danmhairg fógra an 19 Samhain 2024, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, faoina cinneadh Rialachán (AE) 2024/1717 a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar an Danmhairg faoin dlí idirnáisiúnta an Cinneadh seo a chur chun feidhme.

(7) Ní forbairt atá sa Chinneadh seo ar fhorálacha *acquis* Schengen a bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([3]). Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

([1]) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/399/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha, (OJ L, 2024/1717, 20.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1717/oj).

([3]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj).

(8) Maidir leis an gCipir, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003.

(9) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* ([4]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([5]).

(10) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* ([6]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([7]).

(11) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* ([8]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([9]).

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chód Teorainneacha Schengen,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An fhormáid aonfhoirmeach le haghaidh na tuarascála ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha arna athbhunú nó arna fhadú ag na Ballstáit, dá dtagraítear in Airteagal 33(4) de Rialachán (AE) 2016/399, is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bheidh sé.

([4]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1999/439(1)/oj.

([5]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj).

([6]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

([7]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/146/oj).

([8]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([9]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/350/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Tuarascáil ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú

1. **Tuarascáil arna tíolacadh ag:**

Léirigh an Ballstát a bhfuil an tuarascáil á tíolacadh aige.

2. **Dáta an tíolactha:**

Léirigh an dáta.

3. **Tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil:**

Léirigh an tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil, agus déan tagairt don fhógra a tugadh maidir le hathbhunú nó fadú an rialaithe teorann seo ag teorainneacha inmheánacha.

4. **Tuarascáil curtha isteach:**

☐ laistigh de 4 seachtaine tar éis deireadh a bheith curtha le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha

☐ ar dhul in éag don chéad 12 mhí, i gcás ina ndearnadh rialuithe teorann a fhadú, dá dtagraítear in Airteagal 25a(5) de Rialachán (AE) 2016/399

☐ ar dhul in éag don dara 12 mhí, i gcás ina ndearnadh rialuithe teorann a fhadú, dá dtagraítear in Airteagal 25a(5) de Rialachán (AE) 2016/399

5. **Tuarascáil maidir le deireadh a chur le rialú teorann ag an teorann inmheánach tar éis na nithe seo a leanas:**

☐ rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú den chéad uair (imeacht neamh-intuartha): Airteagal 25a(1) de Rialachán (AE) 2016/399

☐ rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a fhadú (imeacht neamh-intuartha): Airteagal 25a(3) de Rialachán (AE) 2016/399

☐ rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú den chéad uair (imeacht intuartha): Airteagal 25a(4) agus (5) de Rialachán (AE) 2016/399

☐ rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a fhadú (imeacht intuartha): Airteagal 25a(4) agus (5) de Rialachán (AE) 2016/399

☐ rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a fhadú tar éis 2 bhliain, i gcás mórchás eisceachtúil: Airteagal 25a(6) de Rialachán (AE) 2016/399

☐ rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a fhadú tar éis 2 bhliain agus 6 mhí, i gcás mórchás eisceachtúil: Airteagal 25a(6) de Rialachán (AE) 2016/399

☐ rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: Airteagal 28(1) agus (5) de Rialachán (AE) 2016/399

6. **Tuairisc ar chur chun feidhme praiticiúil an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha (de réir coda agus/nó pointe trasnaithe teorann)**

6.1. *An líon daoine agus feithiclí a rialaítear.*

6.2. *Cineál agus modus operandi an rialaithe ag teorann inmheánach:*

a) *statach nó dinimiciúil*

b) *leanúnach nó seiceáil ar an láthair*

c) *minicíocht*

d) *fad*

e) *déine*

f) *údaráis a dhéanann an rialú teorann*

g) *úsáid bonneagair*

h) *úsáid modhanna teicneolaíochta*

6.3. *An líon nasc tráchta trasteorann atá i ndiaidh a bheith dúnta (bóthar, uisce, iarnród) mar thoradh ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú*

6.4. *Comhairliúcháin leis na Ballstáit chomharsanachta, roimh rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú, lena linn nó ina dhiaidh*

6.5. *Gníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar thuairim nó tuairimí ón gCoimisiún (más infheidhme)*

6.6. *Gníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar phróiseas comhairliúcháin (más infheidhme)*

6.7. *Úsáid agus cruinneas na measúnuithe riosca a rinneadh roimh rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, lena linn nó ina dhiaidh.*

6.8. *Faisnéis faoi chomhar oibríochtúil agus malartú faisnéise leis na Ballstáit, roimh an rialú ag teorann inmheánach a athbhunú, lena linn nó ina dhiaidh.*

Mura bhfuil an fhaisnéis a iarradh ar fáil, mínigh an chúis leis sin agus tabhair measteacháin nuair is féidir.

7. **Measúnú tosaigh agus measúnú leantach, chomh maith le measúnú *ex post*, ar an gcomhréireacht agus ar an riachtanas**

7.1. **Oiriúnacht: a mhéid a rinneadh an bhagairt a leigheas go leordhóthanach trí rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú**

7.2. **Cúiseanna nárbh fhéidir na cuspóirí a bhaint amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

a) *leas a bhaint as bearta malartacha, amhail seiceálacha comhréireacha arna ndéanamh i gcomhthéacs seiceálacha laistigh den chríoch dá dtagraítear in Airteagal 23, pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/399;*
b) *an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 23a de Rialachán (AE) 2016/399 a úsáid;*
c) *cineálacha eile comhair póilíneachta dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais;*
d) *bearta coiteanna maidir le srianta sealadacha ar thaisteal chuig na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 21a(2) de Rialachán (AE) 2016/399).*

7.3. **An tionchar atá ar ghluaiseacht daoine laistigh den limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha agus ar fheidhmiú na réigiún trasteorann**

Soláthar sonraí maidir le hathruithe ar shreabha trasteorann, go háirithe i ndáil le hoibrithe teorann agus oibreoirí eacnamaíocha, amanna feithimh agus brú tráchta.
Léirigh cé na réigiúin trasteorann, a dtugtar fógra ina leith faoi Airteagal 42b de Rialachán (AE) 2016/399, a ndearnadh rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha difear dóibh.
Léirigh na bearta a rinneadh chun tionchar an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a mhaolú.
I gcás inarb ábhartha, cuir isteach faisnéis maidir le gearáin agus dúshláin dhlíthiúla in aghaidh an rialú teorann a athbhunú ag teorainneacha inmheánacha ar an leibhéal náisiúnta.

7.4. **Más éard a bhí sa bhagairt cás eisceachtúil arb é a príomhthréith gluaiseachtaí neamhúdaraithe mórscála tobanna náisiúnach tríú tír, de réir bhrí Airteagal 25(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/399**

a) *Meastóireacht ar chineál agus ar éabhlóid an bhrú a cuireadh ar na hacmhainní agus ar na hacmhainneachtaí foriomlána, ar ullmhacht na n-údarás inniúil agus ar an riosca d'fheidhmiú foriomlán limistéar Schengen;*
b) *Meastóireacht ar chruinneas na measúnuithe riosca a rinneadh roimhe seo agus ar an bhfaisnéis a soláthraíodh, lena n-áirítear aon fhaisnéis ó Ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais.*

7.5. **Más infheidhme, tosca as ar eascair an cinneadh deireadh a chur le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha**

7.6. **Má tá sé ar fáil, an líon daoine a gabhadh le linn an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú**

Má tá sé ar fáil, sonraigh an líon ndaoine a gabhadh ar bhonn amhras faoi na nithe seo a leanas:
a) *cionta sceimhlitheoireachta;*
b) *smuigleáil daoine;*
c) *gáinneáil ar dhaoine;*
d) *cionta coiriúla, gan sceimhlitheoireacht, smuigleáil daoine nó gáinneáil ar dhaoine a áireamh;*
e) *dul isteach neamhrialta nó fanacht neamhrialta (i.e. gan na ceanglais maidir le dul isteach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/399 a chomhlíonadh nó gan iad a chomhlíonadh a thuilleadh, nó an teorainn inmheánach a thrasnú lasmuigh de phointí trasnaithe teorann údaraithe).*

7.7. **An líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a rinneadh ag an teorainn inmheánach le linn an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú**

8. **Diúltú, aistriú agus athligean isteach ag na teorainneacha inmheánacha**

8.1. *Má tá sé ar fáil, an líon iomlán náisiúnach tríú tír nár ligeadh isteach le linn an rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú. Sonraigh freisin, má tá sé ar fáil, an líon daoine:*

a) *a eisíodh cinneadh um fhilleadh dóibh tar éis iad a ghabháil agus/nó tar éis cinneadh a dhéanamh cead isteach a dhiúltú dóibh faoi chur i bhfeidhm analógach Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/399;*

b) *a aistríodh faoin nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 23a de Rialachán (AE) 2016/399 (má chuirtear i bhfeidhm é go comhthreomhar);*

c) *a athligeadh isteach faoi chomhaontuithe nó socruithe déthaobhacha um athligean isteach atá ann cheana;*

d) *eile (sonraigh an bunús dlí is infheidhme).*

8.2. *Más infheidhme: mínigh na cúinsí speisialta atá ina n-údar le cur i bhfeidhm comhthreomhar Airteagal 23a de Rialachán (AE) 2016/399 le linn an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó fhadú*

9. **Forléargas ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm go comhthreomhar le linn an rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó fhadú**

a) *Bearta malartacha, amhail seiceálacha comhréireacha dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2016/399*

b) *Cineálacha eile comhair póilíneachta faoi dhlí an Aontais*

c) *Srianta sealadacha a bhaineann leis an tsláinte phoiblí ar thaisteal (Airteagal 21a(2) de Rialachán (AE) 2016/399)*

d) *Tionscnaimh chomhair dhéthaobhacha agus réigiúnacha, lena n-áirítear le tríú tíortha*

10. **Rúndacht faisnéise (Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2016/399)**

Tabhair le fios má tá aon chuid den tuarascáil seo le fanacht faoi rún, agus, má tá, tabhair le fios cé acu ceann.